BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 370 – Iarscríbhinn X, cuid A, pointe 2 – Maolú – Raon feidhme – Gníomhaíochtaí comhlachta phoiblí raidiótheilifíse arna maoiniú trí tháille éigeantach arna híoc ag úinéirí gléasanna lenar féidir craoltaí raidió agus teilifíse a fháil)

I gCás C-573/22,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Østre Landsret (an Chúirt Achomhairc do Réigiún an Oirthir, an Danmhairg), trí bhreith an 8 Iúil 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 26 Lúnasa 2022, sna himeachtaí

A,

B,

Foreningen C

v

Skatteministeriet,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus E. Regan, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: I. Illéssy, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus tar éis éisteacht an 14 Márta 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– A, ag T. Gønge, T. Kári Kristjánsson agus J. Nymand Hounsgaard, advokater,

– B, ag C. Bachmann agus P. Hansen, advokater,

* Teanga an cháis: an Danmhairgis.

– Foreningen C, ag C. Holberg, advokat,

– Rialtas na Danmhairge, ag D. Elkan agus C. Maertens, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Søes Petersen, advokat,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard, A. Daniel agus O. Duprat-Mazaré, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag J. Jokubauskaitė agus U. Nielsen, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 12 Meán Fómhair 2024

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú ar Airteagal 2(1)(c) agus Airteagal 370 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1, 'an Treoir maidir le CBL'), arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir A, B agus Foreningen C, ar lámh amháin, agus an Skatteministeriet (an Aireacht Cánachais, an Danmhairg), ar an lámh eile, maidir le hiarratas ó A, B agus Foreningen C ar aisíocaíocht cánach breisluacha (CBL) ar an táille is iníoctha ag úinéirí gléasanna lenar féidir craoltaí closamhairc a fháil.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 1(1) den Treoir maidir le CBL:

'Bunaítear leis an Treoir seo comhchóras [CBL].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 2(1)(c) den Treoir sin go mbeidh soláthar seirbhísí ar chomaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach ag gníomhú sa cháil sin faoi réir CBL.

5 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 370 den Treoir sin:

'Na Ballstáit amhail an 1 Eanáir 1978 a raibh cáin á gearradh acu ar na hidirbhearta a liostaítear in Iarscríbhinn X, Cuid A, féadfaidh siad leanúint de cháin a ghearradh ar na hidirbhearta sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Luaitear in Airteagal 378(1) den Treoir sin:

'Féadfaidh an Ostair leanúint de cháin a ghearradh ar na hidirbhearta a liostaítear i bpointe (2) d'Iarscríbhinn X, Cuid A.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Tagraíonn pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir maidir le CBL do 'ghníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí raidió agus teilifíse seachas iad sin de chineál tráchtála'.

Dlí na Danmhairge

8 Ó 1926 ar aghaidh, gearradh táille sa Danmhairg ar shealbhú gléasanna raidió, a bhí beartaithe chun an institiúid ar a dtugtar 'Danmarks Radio (DR)' sa lá atá inniu ann a mhaoiniú. Ó 1951 i leith, tar éis do DR tús a chur le cláir theilifíse a chraoladh, gearradh an táille sin freisin i leith gléasanna teilifíse. Faoi lov nr. 215 om radiospredning (Dlí Uimh. 215 maidir le craoladh) an 11 Meitheamh 1959, tiontaíodh an táille sin ina 'táille chlosamhairc', iníoctha i gcás seilbh glacadóra teilifíse nó raidió. Aisghaireadh an dlí deireanach sin agus cuireadh ina ionad lov nr. 421 om radio- og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 421 maidir le gníomhaíocht raidió agus teilifíse) an 15 Meitheamh 1973, lenar coinníodh an táille chlosamhairc, atá aicmithe anois mar 'táille ar úsáid glacadóirí raidió agus teilifíse'.

9 Faoi lov nr. 589 om ændring af lov om radio – og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 589 lena leasaítear an Dlí maidir le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse) an 19 Nollaig 1985, rinneadh 'ceart eisiach' DR chun cláir raidió agus theilifíse a chraoladh don phobal i gcoitinne a chlaochlú ina 'cheart' amháin. Ina theannta sin, de bhun bekendtgørelse Uimh. 640 (Foraithne Uimh. 640) an 20 Nollaig 1985, leasaíodh ainm na táille dá dtagraítear sa mhír roimhe seo go dtí 'táille ceadúnais raidió agus teilifíse (táille ceadúnais closamhairc)'.

10 Le lov nr. 335 om ændring af Lov om radio- og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 335 lena leasaítear an Dlí maidir le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse) an 4 Meitheamh 1986, údaraíodh cainéal teilifíse poiblí nua ar a dtugtar TV2 agus arna mhaoiniú, i bpáirt, le hioncam ón táille ceadúnais closamhairc chun cláir chlosamhairc a chraoladh don phobal i gcoitinne.

11 Luaitear in bekendtgørelse nr. 15 (Ordú Uimh. 15) an 11 Eanáir 1995 go raibh an táille ceadúnais closamhairc iníoctha beag beann ar úsáid an ghléis glactha lena mbaineann agus ar an gcaoi a bhfuarthas na craoltaí, fad is a bhí an gléas sin in ann cláir chlosamhairc a sheinm.

12 Foráladh le Lov nr. 1208 om ændring af lov om radio- og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 1208 lena leasaítear an Dlí maidir le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse) an 27 Nollaig 1996, go bhféadfaí an t-ioncam ón táille ceadúnais closamhairc a úsáid, i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos ag an aire inniúil, chomh maith le DR agus TV 2 a mhaoiniú, le haghaidh 'aon chuspóir eile a bhaineann leis na meáin'.

13 Le Lov nr. 1569 om ændring af lov om radio- og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 1569 lena leasaítear an Dlí maidir le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse) an 20 Nollaig 2006, cuireadh 'táille ceadúnais meán' in ionad na táille ceadúnais closamhairc, a chlúdaigh 'gléasanna lenar féidir cláir chlosamhairc nó seirbhísí a chraoltar don phobal a fháil agus a sheinm', lena n-áirítear raidiónna.

14 Chuir Lov nr. 513 om ændring af lov om radio- og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 513 lena leasaítear an Dlí maidir le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse) an 27 Bealtaine 2013, deireadh leis an táille ceadúnais meán a mhéid a bhain sí le raidiónna. Chuir Lov nr. 1517 om ændring af lov om radio- og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 1517 lena leasaítear an Dlí maidir le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse) an 27 Nollaig 2014, deireadh leis an táille ceadúnais meán d'fhiontair thráchtála agus níor choimeád sé é ach do theaghlaigh phríobháideacha. Ar deireadh, rinne lov

nr. 1548 om ændring af lov om radio- og fjernsynsvirksomhed (Dlí Uimh. 1548 lena leasaítear an Dlí maidir le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse) an 18 Nollaig 2018 foráil maidir le deireadh a chur de réir a chéile, thar thréimhse 3 bliana ó 2019 go 2021, leis an táille ceadúnais meán, agus mar thoradh air sin cuireadh deireadh leis an táille sin ina hiomláine an 1 Eanáir 2022.

15 Ó tugadh CBL isteach sa Danmhairg in 1967, foráiltear le reachtaíocht CBL na Danmhairge go bhfuil 'cláir raidió agus theilifíse' faoi réir CBL. Dá bhrí sin, bhí an táille dá dtagraítear i míreanna 8 go 14 den bhreithiúnas seo faoi réir CBL go dtí gur cuireadh deireadh léi.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

16 Thug A agus B, ar daoine nádúrtha iad, agus Foreningen C, atá comhdhéanta de ghrúpa daoine nádúrtha a thug caingean chomhchoiteann, caingne os comhair an Østre Landsret (an Chúirt Achomhairc do Réigiún an Oirthir, an Danmhairg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, i gcoinne na hAireachta Cánachais agus iad ag iarraidh go n-aisíocfaí na suimeanna a d'íoc siad mar CBL ar an táille ceadúnais meán do na blianta 2007 go 2017. Mar thaca lena gcaingne, áitíonn siad, go bunúsach, go nglactar leis, leis an bhféidearthacht atá ag an Danmhairg Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm chun an táille sin a chur faoi réir CBL, gurb ann do sholáthar seirbhísí ar chomaoin, de réir bhrí Airteagal 2(1)(c) den Treoir sin, rud nach ann dó, sa chás seo.

17 Áitíonn an Aireacht Cánachais gur foráil speisialta é Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL a údaraíonn do Ríocht na Danmhairge an córas cánach náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 1978 a choinneáil ar bun, beag beann ar raon feidhme an chórais ghinearálta chomhchuibhithe CBL.

18 Leanann an chúirt a rinne an tarchur ar aghaidh ar an mbonn, i bhfianaise an teagaisc a tugadh i mbreithiúnas an 22 Meitheamh 2016, *Český rozhlas* (C-11/15, EU:C:2016:470), nach ionann an táille ceadúnais meán agus comaoin as seirbhísí a sholáthar ar chomaoin de réir bhrí Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL. Measann an chúirt sin, mar sin, gurb í an phríomhcheist dhlíthiúil a ardaítear sa chás os a comhair ná an bhfuil Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL le léiriú sa chaoi go gceadaítear do Bhallstáit CBL a ghearradh ar tháille nach ionann í agus an chomaoin sin agus nach mbraitheann a bailiú ach ar sheilbh ghléis a fhaigheann craoltaí raidió nó teilifíse.

19 Má thugtar freagra dearfach ar an gceist sin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL maidir leis an táille ceadúnais meán, i bhfianaise na leasuithe ar an reachtaíocht náisiúnta a bhaineann leis an táille sin le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an díospóid sna príomhimeachtaí. Ar an gcéad dul síos, cuireadh táille a ghearrtar as aon ghléas lenar féidir cláir agus seirbhísí closamhairc a fháil go díreach in ionad na táille a ghearrtar ar sheilbh teilifíse agus raidió. Ar an dara dul síos, ceadaíodh leis an reachtaíocht sin, de rogha an aire inniúil, cuid bheag den ioncam ón táille ceadúnais meán a leithdháileadh ar mhaoiniú, ar an gcéad dul síos, do chraoltóirí, cé nach craoltóirí poiblí iad, a bhí i mbun gníomhaíocht seirbhíse poiblí agus a bhí faoi réir srianta atá cosúil leis na srianta a raibh craoltóirí poiblí faoina réir agus, ar an dara dul síos, ar Danske Filminstitut (Institiúid Scannánaíochta na Danmhairge), ar institiúid phoiblí í atá dírithe ar ealaín agus cultúr scannánaíochta a chur chun cinn sa Danmhairg, chomh maith le scoil scannánaíochta do leanaí agus do dhaoine óga, arna reáchtáil ag fondúireacht neamhbhrabúis arna bunú ag comhlachtaí craolacháin poiblí i gcomhar le gníomhaithe eile.

20 Sna himthosca sin, chinn Østre Landsret (an Chúirt Achomhairc do Réigiún an Oirthir) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An bhfuil Airteagal 370 den [Treoir maidir le CBL], arna léamh i gcomhar le pointe 2 [d’Iarscríbhinn X den Treoir sin], le léiriú mar Airteagal a cheadaíonn na Ballstáit lena mbaineann CBL a fhorchur ar tháille cheadúnais reachtúil meán chun gníomhaíochtaí neamhthráchtála comhlachtaí poiblí raidió agus teilifíse a mhaoiniú, d’ainneoin nach bhfuil “soláthar seirbhísí ar comaoin” de réir bhrí Airteagal 2(1) den Treoir sin?

Má fhreagraítear ceist 1 go dearfach, iarrtar ar an gCúirt Bhreithiúnais na ceisteanna seo a leanas a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a fhreagairt:

(2) An bhfuil Airteagal 370 [den Treoir maidir le CBL], arna léamh i gcomhar le pointe 2 d’Iarscríbhinn X, Cuid A den Treoir sin, le léiriú mar Airteagal a chiallaíonn go bhfuil rogha ag Ballstát CBL a fhorchur ar tháille cheadúnais reachtúil meán mar a shonraítear i gceist 1 más rud é, tar éis theacht i bhfeidhm, an 1 Eanáir 1978, [Séú Treoir 77/388/CEE an 17 Bealtaine 1977 maidir le dlíthe na mBallstát a bhaineann le comhchuibhiú a dhéanamh agus maidir le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnaithe (IO 1977 L 145, lch. 1)], chuir an Ballstát sin scéim táillí in ionad córas táillí do shealbhú glacadóirí raidió agus teilifíse maidir le seilbh aon ghaireas atá in ann cláir agus seirbhísí closamhairc a fháil go díreach, lena n-áirítear, *inter alia*, fóin chliste agus ríomhairí, [go bhfuil] an Ballstát tar éis an córas ceadúnaithe a athrú ó tháille cheadúnais a ghearradh as trealamh raidió agus teilifíse a bheith ina sheilbh go dtí táille cheadúnais a ghearradh as aon fheiste a bheith ina sheilbh lenar féidir cláir agus seirbhísí closamhairc a fháil go díreach, lena n-áirítear fóin chliste, ríomhairí, etc.?

(3) An bhfuil Airteagal 370 Cuid A, [den Treoir maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha], arna léamh i gcomhar le pointe 2 d’Iarscríbhinn X, [Cuid A den Treoir sin], le léiriú mar Airteagal a chiallaíonn go bhfuil rogha ag Ballstát CBL a fhorchur ar tháille reachtúil ceadúnais meán mar a shonraítear i gceist 1 más rud é, tar éis theacht i bhfeidhm, an 1 Eanáir 1978, [An Séú Treoir 77/388], tá an Ballstát tar éis an córas ceadúnaithe a athrú ionas go n-úsáidfear céatadán [bheag] d’acmhainní táille an cheadúnais, de rogha an Aire Cultúir, chun maoiniú a dhéanamh ar (i) chomhlachtaí raidió agus teilifíse a fhaigheann fóirdheontais phoiblí ach nach bhfuil siad féin poiblí, agus (ii) eagraíochtaí meán agus scannán a chuireann le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse ach nach ndéanann iad féin iad?’

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

21 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 20 Eanáir 2023, cuireadh bac ar na himeachtaí sa chás seo go dtí go dtabharfaí breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS* (C-249/22, EU:C:2023:813). Atosaíodh iad tar éis an breithiúnas sin a thabhairt.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

22 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 2(1)(c) agus Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar Bhallstát a raibh CBL á fhorchur aige, an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach arna híoc ag aon úinéir trealaimh lenar féidir cláir chraolacháin a fháil as leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin, is cuma an gcumhdaítear na gníomhaíochtaí sin faoin gcoincheap 'soláthar seirbhísí ar chomaoin' de réir bhrí Airteagal 2(1)(c) den Treoir sin.

23 Ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL, atá i dTeideal I den Treoir sin, dar teideal 'Ábhar agus raon feidhme', go bhfuil soláthar seirbhísí ar chomaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach atá ag gníomhú sa cháil sin faoi réir CBL.

24 Dá réir sin, i gcás ina n-aicmítear gníomhaíocht mar idirbheart a dhéantar 'ar chomaoin' de réir bhrí na forála sin, tagann sí, ar an mbonn sin, faoi raon feidhme na Treorach maidir le CBL. Ar an taobh eile, ní thagann gníomhaíocht nach n-aicmítear amhlaidh faoi raon feidhme na Treorach sin (breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS*, C-249/22, EU:C:2023:813, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Mar sin féin, le hAirteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le Cuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, ceadaítear do Bhallstáit a raibh cáin á gearradh acu, an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí raidió agus teilifíse seachas iad siúd de chineál tráchtála, maolú ar Airteagal 2(1)(c) den Treoir sin tríd an rogha a thabhairt dóibh leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin.

26 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an maolú sin, go bunúsach, comhionann leis an maolú a leagtar síos chun tairbhe Phoblacht na hOstaire in Airteagal 378(1) den Treoir maidir le CBL.

27 I ndáil leis sin, áfach, chinn an Chúirt cheana féin, go bunúsach, i míreanna 36, 37, 42 agus 51 de bhreithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS* (C-249/22, EU:C:2023:813), go gceadaítear le hAirteagal 378(1) den Treoir maidir le CBL do Phoblacht na hOstaire maolú, *inter alia*, ar fhorálacha Airteagal 2(1)(c) den Treoir sin, trí chóras cánachais atá ann cheana ar na gníomhaíochtaí lena mbaineann a choinneáil ar bun, ar choinníoll nach dtiocfaidh aon athrú suntasach ar na rialacha mionsonraithe maidir leis an gcánachas sin. Léiríonn sé sin comhchuibhiú céimneach agus páirteach na reachtaíochta náisiúnta maidir le CBL. Thairis sin, is dual d'fhoráil amhail Airteagal 378(1) go dtugtar eisceachtaí isteach leis ar raon feidhme na rialacha ar cuid díobh í. Ní cánachas comhchuibhithe é an cánachas a cheadaítear leis an bhforáil sin atá mar chuid lárnach den chóras CBL mar a eagraítear leis an Treoir sin é. Ina ionad sin, ceadaíonn an rogha dá bhforáiltear san fhoráil sin don Bhallstát sin a reachtaíocht a choimeád ar bun maidir le cánachas na seirbhísí lena mbaineann, gan na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir é agus Ballstáit eile a bheith contrártha do dhlí an Aontais.

28 Ag brath, go háirithe, ar na forais sin, chinn an Chúirt, i mír 52 de bhreithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS* (C-249/22, EU:C:2023:813), go bhfuil Airteagal 2(1)(c) agus Airteagal 378(1) den Treoir maidir le CBL le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar Phoblacht na hOstaire CBL a

ghearradh ar ghníomhaíocht craolacháin phoiblí, arna maoiniú trí tháille reachtúil éigeantach arna híoc ag aon duine a mbíonn glacadóir craolacháin raidió á úsáid aige laistigh d'fhoirgneamh atá lonnaithe i limistéar a chlúdaítear le craolachán raidió trastíre an chomhlachta phoiblí craolta raidió lena mbaineann, is cuma an bhfuil an ghníomhaíocht craolacháin phoiblí lena mbaineann clúdaithe ag an gcoincheap 'soláthar seirbhísí ar chomaoin' de réir bhrí Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL.

29 I bhfianaise an chinnidh atá leagtha amach i mír 26 den bhreithiúnas seo, ní mór léiriú comhchosúil a thabhairt ar Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL.

30 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 2(1)(c) agus Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe (2) de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar Bhallstát a raibh CBL á fhorchur aige, an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach arna híoc ag aon úinéir trealaimh lenar féidir cláir chraolacháin a fháil as leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin, is cuma an gcumhdaítear na gníomhaíochtaí sin faoin gcoincheap 'soláthar seirbhísí ar chomaoin' de réir bhrí Airteagal 2(1)(c) den Treoir sin.

An dara ceist

31 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar Bhallstát a raibh CBL á fhorchur aige, an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach arna híoc ag aon úinéir raidió nó teilifíse, leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin i gcás inar leasaíodh an reachtaíocht a bhaineann leis an táille sin tar éis an dáta sin ionas go ngearrtar an táille sin as aon ghléas a bheith ina sheilbh lenar féidir cláir agus seirbhísí closamhairc a fháil go díreach, lena n-áirítear fón chliste, nó ríomhaire.

32 De réir a bhfoclaíochta, ceadaítear leis na forálacha sin do na Ballstáit leanúint de cháin a ghearradh ar 'ghníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí raidió agus teilifíse seachas iad siúd de chineál tráchtála', má chuir na Ballstáit sin faoi réir CBL iad an 1 Eanáir 1978.

33 Dá bhrí sin, de réir fhoclaíocht na bhforálacha sin, ní údaraítear do na Ballstáit lena mbaineann ach córas cánachais ar na gníomhaíochtaí thuasluaite atá ann cheana a choinneáil ar bun agus gan cánachas nua ar na gníomhaíochtaí sin a thabhairt isteach, rud a chiallaíonn nach mór na rialacha mionsonraithe maidir le cánachas na ngníomhaíochtaí sin, atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 1978, a bheith gan athrú substaintiúil chun go leanfar den chánachas sin a chumhdach leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL (féach, de réir analaí, breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS*, C-249/22, EU:C:2023:813, míreanna 42 agus 43).

34 Ní bheidh d'éifeacht ag leasú ar na socruithe don chánachas sin nach gcuireann san áireamh ach nuálaíochtaí teicneolaíochta a tharla ón 1 Eanáir 1978, gan athrú a dhéanamh ar an teagmhas inmhuirearaithe as a n-eascraíonn an oibleagáid an táille a íoc a bheartaítear chun gníomhaíocht craolacháin phoiblí a mhaoiniú, cur i bhfeidhm forála maolaithe a eisiamh, amhail Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS*, C-249/22, EU:C:2023:813, mír 45).

35 Is é sin an cás a bhaineann le leasú ar na socruithe sin, amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí, a bhfuil d'éifeacht leis an oibleagáid táille a íoc a bheartaítear chun gníomhaíochtaí craolacháin phoiblí a mhaoiniú a nascadh le seilbh ní hamháin raidió nó gléas teilifíse, ach freisin aon ghléas atá in ann cláir ó chomhlachtaí poiblí raidió a fháil, lena n-áirítear fóin chliste nó ríomhairí. Léiríonn leasú den sórt sin forbairtí teicneolaíocha ó tugadh isteach an maolú lena mbaineann.

36 Ina theannta sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 27 go 29 dá Thuairim, ní thugtar na breithnithe a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo faoi cheist toisc go bhféadfadh méadú comhchéimneach ar na daoine atá faoi réir na táille sin a bheith i gceist le leathnú na catagóire gléasanna a ngabhann oibleagáid leo táille a íoc atá beartaithe chun gníomhaíochtaí craolacháin phoiblí a mhaoiniú, nó toisc go bhféadfaí glacadh clár raidió nó teilifíse a aicmiú mar fheidhm choimhdeach gléasanna amhail fóin chliste nó ríomhairí.

37 Ar an gcéad dul síos, ní cheanglaítear le hAirteagal 370 den Treoir maidir le CBL nach n-athrófar líon ná méid na n-idirbheart a raibh Ballstát ag gearradh cánach ina leith an 1 Eanáir 1978. Ba cheart a thabhairt faoi deara, fiú gan aon athrú maidir le cineál na ngléasanna a bhfuil sé d'oibleagáid táille a íoc ina leith atá beartaithe chun gníomhaíochtaí craoltóireachta poiblí a mhaoiniú, gur dócha go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine atá faoi réir na hoibleagáide an táille sin a íoc i gcomhréir leis an méadú ar líon na raidiónna agus na dteilifíseán atá i seilbh daoine aonair, mar gheall ar infhaighteacht níos mó agus laghdú ar phraghas ceannaigh na ngléasanna sin.

38 Ar an dara dul síos a mhéid nach bhfuil baint ag an teagmhas inmhuirearaithe le haghaidh táille amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí le húsáid seirbhíse craolacháin phoiblí ag na daoine atá faoi réir na hoibleagáide sin, ach amháin le gléas a bheith ina seilbh agus lenar féidir cláir comhlachta craolacháin a fháil, ní bhaineann sé le hábhar go gcomhlíonfaidh cuid de na gléasanna sin, amhail fóin chliste nó ríomhairí, feidhmeanna eile freisin a d'fhéadfaí a mheas, i gcás inarb iomchuí, mar a bpríomhfheidhmeanna.

39 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara i ndáil leis sin go bhféadfar glacadóirí raidió agus teilifíse a úsáid freisin le haghaidh feidhmeanna seachas cláir craoltóirí poiblí a ghlacadh, amhail cláir raidió nó teilifíse tráchtála nó dioscaí nó meáin dhigiteacha eile a sheinm (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2016, *Český rozhlas*, C-11/15, EU:C:2016:470, mír 26).

40 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar Bhallstát a raibh CBL á fhorchur aige, an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach arna híoc ag aon úinéir gléis raidió nó teilifíse, leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin ina raibh an reachtaíocht a bhaineann leis an táille sin leasaithe tar éis an dáta sin ionas go ngearrtar an táille sin as aon ghléas a bheith ina sheilbh lenar féidir cláir a chraoladh, lena n-áirítear fón cliste nó ríomhaire.

An tríú ceist

41 Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar réamhphointe, cé go mbaineann an tríú ceist, de réir a foclaíochta, leis an éifeacht ar infheidhmeacht Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, *inter alia*, go n-úsáidtear cuid bheag den táille cosúil leis an gceann atá i gceist sna príomhimeachtaí chun 'gnóthais meán agus scannánaíochta a chuireann le gníomhaíochtaí raidió agus teilifíse ach nach

ndéanann iad féin a leithéid de ghníomhaíocht' a mhaoiniú, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, a bhfuil achoimre uirthi i mír 19 den bhreithiúnas seo, go bhfuil suim ag an gcúirt sin, go sonrach, i ngnóthais den sórt sin ar eintitis phoiblí iad nó atá cruthaithe ag comhlachtaí craolacháin poiblí, i gcásanna áirithe le chéile le páirtithe leasmhara eile.

42 Dá bhrí sin, trína tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, le léiriú mar Airteagal a chuireann cosc ar Bhallstát a raibh CBL á fhorchur aige, ar an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin i gcás inar leasaíodh an reachtaíocht a bhaineann leis an táille sin tar éis an dáta sin ionas gur féidir cuid bheag den ioncam as sin a úsáid chun maoiniú a thabhairt ar an gcéad dul síos, do chraoltóirí a dhéanann, in ainneoin nach comhlachtaí poiblí iad, gníomhaíochtaí craolacháin phoiblí agus, ar an dara dul síos, do ghnóthais meán nó scannánaíochta ar comhlachtaí poiblí iad nó atá bunaithe ag comhlachtaí craolacháin poiblí agus a chuireann le gníomhaíochtaí craolacháin, gan na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích iad féin.

43 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú, mar is léir, go bunúsach, ó mhíreanna 32 agus 33 den bhreithiúnas seo, go n-údaraíonn Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin do na Ballstáit córas cánachais a choinneáil ar bun amháin maidir le gníomhaíochtaí neamhthráchtála comhlachtaí poiblí raidió agus teilifíse a bhí ann ar an dáta dá bhforáiltear in Airteagal 370, rud a chiallaíonn go gcaithfidh sé gur fágadh na rialacha mionsonraithe maidir le cánachas na ngníomhaíochtaí sin gan athrú go bunúsach.

44 Dá bhrí sin, ní fhéadfadh táille, amhail an táille atá i gceist sna príomhimeachtaí, a bheith faoi réir CBL faoi Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL le linn na tréimhse lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí ach amháin má úsáideadh í chun gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí sin a mhaoiniú (féach, de réir análaí, breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2023, *GIS*, C-249/22, EU:C:2023:813, míreanna 46 go 49).

45 Ní féidir a thuiscint as sin, áfach, go gcuirtear cosc le hAirteagal 370 den Treoir maidir le CBL ar cháin a ghearradh ar tháille amhail an táille atá i gceist sna príomhimeachtaí díreach toisc nach n-íoctar an t-ioncam ón táille sin ina iomláine le comhlachtaí poiblí raidió agus teilifíse.

46 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur ceadaíodh, le leasú, tar éis an 1 Eanáir 1978, ar an reachtaíocht náisiúnta lenar tugadh isteach an táille atá i gceist sna príomhimeachtaí, cuid bheag den ioncam ón táille sin a leithdháileadh ar mhaoiniú eintiteas nach comhlachtaí craolacháin poiblí iad. Go háirithe, leithdháileadh an chuid sin den ioncam, ar an gcéad dul síos, ar chomhlacht raidió agus teilifíse a chomhlíon, cé gur eintiteas príobháideach é, cúram na meán poiblí, ach a bhí faoi réir srianta dlíthiúla atá cosúil le srianta dlíthiúla na gcomhlachtaí craoltóireachta poiblí agus a maoiníodh den chuid is mó leis an ioncam ón táille sin; ar an dara dul síos, d'eintiteas a raibh sé mar ról aige tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do léiriú scannán; agus, ar an tríú dul síos, do scoileanna scannánaíochta do leanaí agus do dhaoine óga, arna mbainistiú ag fondúireacht ar comhlachtaí craoltóireachta poiblí iad a bunaitheoirí, *inter alia*.

47 Cé go n-íoctar cuid bheag de tháille, amhail an táille atá i gceist sna príomhimeachtaí, le heintitis phoiblí eile nó le heintitis arna gcruthú ag na craoltóirí poiblí iad féin, i gcomhpháirt le gníomhaithe eile i gcásanna áirithe, chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú, amhail léiriú scannán, atá

suite taobh thuas de ghníomhaíocht chraoltóireachta agus a bhfuil dlúthbhaint aici léi, ní féidir a bhaint de thátal as sin nach n-úsáidtear an táille sin a thuilleadh chun gníomhaíocht craoltóirí poiblí a mhaoiniú.

48 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 37 agus 38 dá Thuairim, ní fhorordaítear le hAirteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, an fhoirm dhlíthiúil atá le glacadh ag na comhlachtaí poiblí lena mbaineann ná ní bhaineann sé ach le gníomhaíochtaí craoltóireachta na gcomhlachtaí sin, ós rud é nach n-úsáidtear an téarma 'craoltóir' ach an téarma níos leithne 'comhlacht' sa dara ceann de na forálacha sin. Dá bhrí sin, ní mór na forálacha sin a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar chineálacha eile gníomhaíochtaí, amhail iad siúd a liostaítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, a bheith cumhdaithe ag an maolú dá bhforáiltear leis na forálacha sin, a mhéid a thagann na gníomhaíochtaí sin faoin sainchúram a thugtar do chomhlachtaí craoltóireachta poiblí agus a mhaoinítear le táille éigeantach, amhail an táille atá i gceist sna príomhimeachtaí.

49 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Airteagal 370 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar Bhallstát a raibh CBL á fhorchur aige, an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach, leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin i gcás inar leasaíodh an reachtaíocht maidir leis an táille sin tar éis an dáta sin ionas gur féidir cuid bheag den ioncam ón táille sin a úsáid chun maoiniú a thabhairt, ar an gcéad dul síos, do chraoltóirí, a dhéanann gníomhaíochtaí craolacháin phoiblí, in ainneoin nach comhlachtaí poiblí iad, agus, ar an dara dul síos, do ghnóthais meán nó scannánaíochta ar comhlachtaí poiblí iad nó atá bunaithe ag comhlachtaí craolacháin poiblí agus a chuireann le gníomhaíochtaí craolacháin, gan na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh iad féin.

Costais

50 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 2(1)(c) agus Airteagal 370 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ('an Treoir maidir le CBL'), arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc ar Bhallstát a raibh cáin bhreisluacha á forchur aige, an 1 Eanáir 1978 ar gníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach arna híoc ag aon úinéir trealaimh lenar féidir cláir chraolacháin a fháil as leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin, is cuma an bhfuil na gníomhaíochtaí sin clúdaithe

faoin gcoincheap ‘soláthar seirbhísí ar chomaoin’ de réir bhrí Airteagal 2(1)(c) den Treoir sin.

2. **Maidir le hAirteagal 370 de Threoir 2006/112, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc ar Bhallstáit a raibh cáin bhreisluacha á forchur aige, an 1 Eanáir 1978, ar gníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach arna híoc ag aon úinéir trealaimh atá in ann cláir chraolacháin a fháil as leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin, nuair a leasaíodh reachtaíocht a bhaineann leis an táille sin tar éis an dáta sin ionas go ngearrfar an táille sin as aon ghléas a bheith ina sheilbh atá in ann cláir a chraoladh, lena n-áirítear fón cliste nó ríomhaire.

3. **Maidir le hAirteagal 370 de Threoir 2006/112, arna léamh i gcomhar le pointe 2 de Chuid A d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Treoir sin,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc ar Bhallstát a raibh cáin bhreisluacha á forchur aige, an 1 Eanáir 1978, ar ghníomhaíochtaí craolacháin phoiblí arna maoiniú le táille reachtúil éigeantach, leanúint de cháin a ghearradh ar na gníomhaíochtaí sin i gcás inar leasaíodh an reachtaíocht maidir leis an táille sin tar éis an dáta sin ionas gur féidir cuid bheag den ioncam ón táille sin a úsáid chun maoiniú a thabhairt, ar an gcéad dul síos, do chraoltóirí, a dhéanann gníomhaíochtaí craolacháin phoiblí, in ainneoin nach comhlachtaí poiblí iad, agus, ar an dara dul síos, do ghnóthais meán nó scannánaíochta ar comhlachtaí poiblí iad nó atá bunaithe ag comhlachtaí craolacháin poiblí agus a chuireann le gníomhaíochtaí craolacháin, gan na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh iad féin.

Sínithe